



PREASEISIÚINT Uimh. 207/23

Lucsamburg, an 21 Nollaig 2023

Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais i gCás C-261/22 | GN (Foras diúltaithe bunaithe ar leas an linbh)

Barántas gabhála Eorpach: ní fhéadfar diúltú duine iarrtha a thabhairt suas ar an bhforas amháin gur máthair leanaí óga í

Ní fhéadfar tabhairt suas den sórt sin a dhiúltú go heisceachtúil ach amháin i gcás easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe sa Bhallstát eisiúna agus i gcás ina bhfuil baol ann go sárófar cearta bunúsacha na ndaoine lena mbaineann

Ní féidir le cúirt diúltú Barántas Gabhála Eorpach ('BGE') a fhorghníomhú ar an bhforas amháin gurb é an duine iarrtha máthair leanaí óga atá ina gcónaí léi. Féadfaidh an chúirt sin, áfach, diúltú go heisceachtúil an duine sin a thabhairt suas má chomhlíontar dhá choinníoll: ar an gcéad dul síos, ní mór fíorbhaol a bheith ann go sárófar ceart bunúsach na máthar maidir le meas ar a saol príobháideach agus ar a saol teaghlaigh agus ar leas a leanaí, mar gheall ar easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe i ndáil leis na coinníollacha a bhaineann le máithreacha leanaí óga a choinneáil agus aire a thabhairt do na leanaí sin sa Bhallstát a eisíonn an BGE, agus, ar an dara dul síos, ní mór forais shubstaintiúla a bheith ann lena chreidiúint, ag féachaint dá gcúinsí pearsanta, go mbeidh an riosca sin i ndán do na daoine lena mbaineann mar thoradh ar na coinníollacha sin.

Gearradh téarma príosúnachta cúig bliana ar bhean *in absentia* sa Bheilg as cionta gáinneála ar dhaoine agus as éascú na hinimirce neamhdhlíthiúla. D'eisigh cúirt Bheilgeach barántas gabhála Eorpach ina choinne chun an phianbhreith sin a fhorghníomhú. Cúpla mí ina dhiaidh sin, gabhadh an bhean sin in Bologna (an Iodáil). Ag an am a gabhadh í, bhí sí ag iompar clainne agus bhí a mac a bhí beagnach trí bliana d'aois in éineacht léi.

Ní bhfuair an chúirt Iodálach atá freagrach as an BGE a fhorghníomhú faisnéis ó chúirt na Beilge maidir le conas a ndéantar pianbhreith a fhorghníomhú sa Bheilg ar mháithreacha atá ina gcónaí lena leanaí mionaoiseacha. Diúltaíonn an chúirt Iodálach don tabhairt suas.

Agus an cás os a comhair ina dhiaidh sin, iarrann Cúirt Achomhairc na hIodáile ar an gCúirt Bhreithiúnais an féidir leis an gcúirt Iodálach, diúltú an BGE a fhorghníomhú i gcás den sórt sin, cás nach luaitear sa Chinneadh Réime maidir le BGE, i measc na bhforas le neamh-fhorghníomhú BGE ¹ agus más féidir, na coinníollacha faoina bhféadfaidh sí a leithéid a dhéanamh.

D'fhreagair an Chúirt Bhreithiúnais **nach féidir leis an gcúirt diúltú barántas gabhála Eorpach a fhorghníomhú ar an aon foras amháin gur máthair leanaí óga atá ina gcónaí léi í an duine iarrtha**. Ag féachaint do phrionsabal na muiníne frithpháirtí idir na Ballstáit, tá toimhde ann go bhfuil coinníollacha coinneála máthar leanaí óga sa Bhallstát a eisíonn BGE in oiriúint do chás den sórt sin.

Mar sin féin, féadfar **tabhairt suas** an duine lena mbaineann **a dhiúltú go heisceachtúil i gcás ina bhfuil fianaise**

ann:

- **gurb ann d'fhíorbhaol go sárófar ceart bunúsach na máthar go n-urramófaí a saol príobháideach agus a saol teaghlaigh** agus leas a leanaí, **mar gheall ar easnaimh shistéamacha nó ghinearálaithe** maidir le coinníollacha coinneála máithreacha leanaí óga agus maidir lena leanaí a thabhairt faoi chúram sa Bhallstát a eisíonn an BGE, agus
- **go bhfuil forais shubstaintiúla ann chun a chreidiúint, ag féachaint dá n-imthosca pearsanta, go mbeidh an priacal sin ag na daoine lena mbaineann de thoradh na gcoinníollacha sin.**

NÓTA: Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas chúirteanna na mBallstát, i gcomhthéacs díospóide os a gcomhair, ceist a chur chun na Cúirte Breithiúnais faoi léiriú ar dhlí an Aontais nó faoi bhailíocht gnímh de chuid an Aontais. Ní dhéanann an Chúirt Bhreithiúnais cinneadh ar dhíospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt náisiúnta atá sé an cás a réiteach i gcomhréir le cinneadh na Cúirte Breithiúnais. Tá an cinneadh seo ina cheangal freisin ar aon chúirt nó binse náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist dlí os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear [téacs iomlán agus, i gcás inarb infheidhme, achoimre](#) ar an mbreithiúnas ar shuíomh gréasáin CURIA ar an lá fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques René Zammit ☎ (+352) 4303 3355.

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar fáil ar [‘Europe by Satellite’](#) ☎ (+32) 2 2964106.

Fanaigí i dteagmháil linn!



¹ [Cinneadh Réime 2002/584/JAI](#) ón gComhairle an 13 Meitheamh 2002 maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach agus na nósanna imeachta um thabhairt suas idir Ballstáit, arna leasú le Cinneadh Réime 2009/299/JAI ón gComhairle an 26 Feabhra 2009.